CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASÉISIÚINT Uimh. 106/23
Lucsamburg, an 22 Meitheamh 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-660/21 | K.B. agus F.S. (Sárú a ardú *ex officio* in imeachtaí coiriúla)

# Cosaint na gceart bunúsach: Ní chuirtear bac le dlí an Aontais, i bprionsabal, ar thoirmeasc a fhorchuirtear ar chúirt náisiúnta sárú a ardú *ex officio* ar an oibleagáid amhrastach a chur ar an eolas go pras faoina cheart bheith ina thost

*Níor cheart, áfach, gur baineadh an fhéidearthacht nithiúil agus éifeachtach rochtain ar dhlíodóir a bheith ag an amhrastach, trí dhul ar iontaoibh cúnaimh dhlíthiúil más gá, agus gur cheart go mbeadh sé de cheart aige, amhail a dhlíodóir, rochtain a bheith aige ar a chomhad agus an sárú sin a ardú laistigh de thréimhse ama réasúnach*

Tharraing beirt in aice le feithicil earraí troma i gcarrchlós cuideachta aird oifigeach de chuid na bpóilíní, a thosaigh imscrúdú láithreach ar ghoid bhreosla. Cuireadh na daoine seo faoi agallamh ar an láthair gan fógra a fháil faoina gcearta agus cuireadh faoi choimeád na bpóilíní iad ina dhiaidh sin. Ní raibh sé go dtí beagán níos déanaí a fuair siad fógra maidir lena gcearta, lena n-áirítear an ceart bheith i do thost.

Sna himeachtaí coiriúla, measann Tribunal correctionnel de Villefranche-sur-Saône (an Fhrainc) gur sáraíodh cearta na ndaoine cúisithe, a ráthaítear le dlí an Aontais [1], mar thoradh ar an bhfógra déanach sin. Sna himthosca sin, ba cheart, i bprionsabal, cuardach na feithicle, coimeád póilíneachta na n-amhrastach agus gach gníomh a eascraíonn as sin a chur ar neamhní. Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil sé léirithe ag Cúirt Freaschuir na Fraince go gcuirtear bac leis an gCód um Nós Imeachta Coiriúil ar na cúirteanna céadchéime sárú a ardú *ex officio* ar an oibleagáid duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas go pras faoina cheart bheith i do thost.

Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt choiriúil an gcuirtear bac le dlí an Aontais ar thoirmeasc den sórt sin ar ábhair a ardú *ex officio*.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chinn an Chúirt Bhreithiúnias **go n-urramaíonn**, i bprionsabal, an **toirmeasc** a fhorchuirtear ar an chúirt choiriúil an sárú atá i gceist a ardú *ex officio* d'fhonn na himeachtaí coiriúla a chur ar neamhní, **an ceart chun leighis éifeachtaigh**, agus **go n-éistfí go cothrom leis an gcúis**, agus na cearta cosanta, i gcás ina raibh **deis nithiúil éifeachtach** ag na **daoine atá faoi amhras nó atá cúisithe** nó ag **a ndlíodóir** an **sárú lena mbaineann a ardú laistigh de thréimhse ama réasúnach agus a raibh rochtain acu ar an gcomhad chun na críche sin**.

Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, áfach, chun éifeachtacht an chirt bheith i do thost a áirithiú, nach bhfuil feidhm ag an mbreithniú sin ach amháin **a mhéid a bhí an ceart rochtana ar dhlíodóir ag na daoine atá faoi amhras nó atá cúisithe**, mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais agus **arna éascú ag an sásra um chúnamh**

[1] Leagtar síos in Airteagail 3 agus 4 de Threoir 2012/13 (Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla) an oibleagáid atá ar na húdaráis fógra a thabhairt go pras maidir leis an gceart chun bheith i do thost, arna thrasuí sa dlí náisiúnta (IO 2012, L 142, lch. 1),

**dlíthiúil**, **ar bhealach nithiúil agus éifeachtach** le linn na tréimhse atá ar fáil dóibh chun sárú den sórt sin a ardú. Sonraíonn sí freisin, má tharscaoileann na daoine céanna sin an fhéidearthacht sin, gur fúthu féin, i bprionsabal, na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an tarscaoileadh sin, ar choinníoll go ndéanfar é **i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais**. Foráiltear leis, go háirithe, nach mór don duine atá faoi amhras nó atá cúisithe faisnéis shoiléir leordhóthanach a bheith faighte aige, ó bhéal nó i scríbhinn, i dteanga shimplí shothuigthe, maidir le hábhar an chirt rochtana ar dhlíodóir agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndéanfaí é a tharscaoileadh agus nach foláir an tarscaoileadh a thabhairt go toiliúil agus go haonchiallach.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Breithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 43 03 35 55.

Is féidir íomhanna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 296 41 06.

**Bígí nasctha!**